**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Ghnóthaí Bunreachtúla*

**2022/2050(INI)**

.11.2022

# TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

ar chur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta – tuarascáil bhliantúil 2022
(2022/2050(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Victor Negrescu

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Bunreachtúla ar an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

– ag féachaint do chonclúidí na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa an 9 Bealtaine 2022 agus, go háirithe, do thograí 21, 23 agus 24 de,

– ag féachaint do rún uaithi an 9 Meitheamh 2022 maidir leis an iarraidh ar Choinbhinsiún chun athbhreithniú a dhéanamh ar na Conarthaí[1],

A. de bhrí gur tús ré nua geopholaitiúla don Aontas Eorpach é cogadh foghach neamhdhleathach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus go gciallaíonn sé go n-éilítear athmheasúnú iomlán ar bheartais slándála agus cosanta trí athrú ó bhonn a dhéanamh orthu;

B. de bhrí gur cheart béim ar leith a leagan ar chosaint theorainneacha seachtracha an Aontais; de bhrí gur cheart béim a chur ar an ról bunriachtanach atá ag limistéar Schengen chun a áirithiú go ndéanfar teorainneacha a chosaint agus rialú teorann; de bhrí gur léirigh tíortha túslíne go bhfuil acquis Schengen á chur chun feidhme ina iomláine acu le linn an chogaidh san Úcráin, lena rannchuidítear, dá bhrí sin, le cosaint theorainneacha seachtracha an Aontais.

C. de bhrí gur cheart béim ar leith a leagan ar shlándáil agus ar shábháilteacht shaoránaigh na hEorpa agus ar chosaint agus cobhsaíocht theorainneacha seachtracha an Aontais;

D. de bhrí go bhfuil gá le comhar méadaithe idir an tAontas Eorpach agus a chomhghuaillí is tábhachtaí ECAT, ar comhar é a threiseofar leis an tSualainn agus leis an bhFionlainn;

E. de bhrí go bhfuil gá freisin le comhar agus comhordú níos dlúithe leis an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE);

F. de bhrí gur cheart comhar a bheartú leis an Ríocht Aontaithe agus le daonlathais eile atá ar aon intinn agus b'fhéidir leis an gComhphobal Polaitiúil Eorpach, lena n-áirítear maidir le hábhair shlándála agus chosanta;

G. de bhrí gur cheart aonaid ilnáisiúnta bhuana an Aontais  a bhunú agus a úsáid le haghaidh féinchosanta agus chun na gcríoch dá bhforáiltear sna conarthaí;

1. ag athdhearbhú a hiarrata go mbunófaí buanchomhairle airí cosanta AE a bhfuil inniúlachtaí forleathana acu, lena n-áirítear ábhair thraidisiúnta a bhaineann leis an gcomhbheartas slándála agus cosanta (CBSC), ach an comhrac córasach i gcoinne trasnaíocht eachtrach, scaipeadh bréagaisnéise slítheánta agus bagairtí hibrideacha eile freisin, ar comhairle í a mbeidh Leas-Chathaoirleach an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ina chathaoirleach uirthi;

2. á chur i bhfáth go bhfuil staid slándála san Eoraip imithe in olcas go mór tar éis cogadh

[1] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0244.

neamhdhleathach agus gan údar na Rúise i gcoinne na hÚcráine; á chur i bhfios go láidir go bhfuil tionchar suntasach ag cogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar thíortha comharsanachta AE agus go bhfuil tionchar á imirt aige ar fud na mór-roinne ar fad; á chur i bhfáth nach mór don Aontas dlús a chur lena chumais chosanta agus níos mó toilteanais a léiriú gníomhú go cinntitheach nuair a dhéantar luachanna agus slándáil na hEorpa a ionsaí; á chur in iúl gur geal léi freagairt aontaithe gan fasach an Aontais ar chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine, lena n-áirítear trealamh míleata a sholáthar tríd an tSaoráid Eorpach Síochána; á chur in iúl go bhfuil sí tiomanta i gcónaí do thacú le cosaint na hÚcráine ar a hiomláine chríochach agus ar a ceannasacht; á iarraidh ar an Aontas leanúint dá iarrachtaí agus gach cabhair airgeadais, dhaonnúil agus mhíleata is gá a chur ar fáil don Úcráin;

3. ag tathant ar na Ballstáit leas a bhaint as Airteagal 31(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), lena gceadaítear don Chomhairle cinntí áirithe a dhéanamh (amhail maidir le cearta an duine, smachtbhannaí nó tús a chur leis an gcaibidlíocht) trí thromlach cáilithe in ábhair a bhaineann leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála; á iarraidh ar na Ballstáit leas iomlán a bhaint as an gclásal *passerelle* in Airteagal 31(3) CAE gan mhoill ; á mholadh, d'fhonn go ndéanfaí athbhreithniú ar na conarthaí, an nós imeachta comhchinnteoireachta a leathnú chuig ábhair a bhaineann le CBSC;

4. ag tacú le fíor-aontas míleata agus cosanta a bhunú lena gcomhlánaítear ECAT; á mheas gur cheart go neartófaí go pras na cumais oibríochtúla is gá chun éifeachtacht an chlásail um chúnamh frithpháirteach faoi Airteagal 42(7) CAE a áirithiú; á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh leasú ar an gConradh ionsaithe sceimhlitheoireachta, ionsaithe hibrideacha, feachtais bhréagaisnéise agus comhéigean eacnamaíoch tríú tíortha a shainmhíniú mar choinníollacha chun Airteagal 42(7) CAE a ghníomhachtú; á iarraidh go ndéanfaí soiléiriú i dtaobh an bhfuil Airteagal 42(7) CAE infheidhme go huathoibríoch; den tuairim gur gá straitéis beartais dlúthpháirtíochta agus bearta cur chun feidhme maidir leis an gclásal um chosaint fhrithpháirteach a fhorbairt; á iarraidh go ndéanfaí soiléiriú ar raon feidhme Airteagal 42(7) CAE agus ar a idirnasc atá ann le hAirteagal 5 de Chonradh an Atlantaigh Thuaidh;

5. ag spreagadh sásraí a fhorbairt le haghaidh slándáil mhuirí agus comhar cosanta i limistéar na Mara Duibhe, i bhfianaise a róil straitéisigh in ollstruchtúr slándála réigiúnaí;

6. á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé comhar cosanta agus measúnuithe comhroinnte ar bhagairtí a neartú ar leibhéal an Aontais, ag cur le cuspóirí an Chompáis Straitéisigh;

7. á mheas gur cheart sásra Aontais a bhunú chun go mbeidh na Ballstáit uile in ann tairbhe a bhaint as nuálaíochtaí i réimse na cosanta agus as teicneolaíocht chosanta úrscothach; á iarraidh, ina leith sin, comhthiomsú méadaithe cistithe le haghaidh taighde agus teicneolaíochta i réimse na cosanta, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le scéimeanna comhpháirteacha soláthair a fhorbairt;

8. á chur in iúl gurb oth leis nár leathnaíodh an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, go dtí seo, chuig CBSC; á athdhearbhú go bhfuil gá le comhaontú maidir le beartas eachtrach agus comhar slándála idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe chun dul i ngleic le dúshláin slándála choiteanna Eorpacha

agus dhomhanda ar bhealach níos fearr;

9. á iarraidh go ndéanfaí cuíchóiriú ar institiúidí an Aontais Eorpaigh agus go ndéanfaí róil Uachtarán na Comhairle Eorpaí, an Leas-Uachtaráin/an Ardionadaí agus Uachtarán an Choimisiúin a shoiléiriú;

10. á athdhearbhú gur gá don Pharlaimint ról níos lárnaí a bheith aici i ndearadh CBSC, agus maidir le grinnscrúdú daonlathach, maoirseacht agus meastóireacht a dhéanamh air; á iarraidh, ina leith sin, ar an Leas-Uachtarán / Ardionadaí feidhm iomlán a thabhairt do cheart na Parlaiminte chun faisnéise faoi Airteagal 36 CAE;

11. á mholadh go mbunófaí coiste iomlán um shlándáil agus um chosaint; á chur i bhfios go láidir, ina leith sin, gur chuir an Coimisiún Ard-Stiúrthóireacht an Tionscail Cosanta agus an Spáis (DEFIS) ar bun le déanaí.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 8.11.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 17<br>–: 4<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Gerolf Annemans, Gabriele Bischoff, Salvatore De Meo, Pascal Durand, Charles Goerens, Sandro Gozi, Brice Hortefeux, Laura Huhtasaari, Victor Negrescu, Giuliano Pisapia, Paulo Rangel, Antonio Maria Rinaldi, Domènec Ruiz Devesa, Jacek Saryusz-Wolski, Helmut Scholz |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Cyrus Engerer, Maite Pagazaurtundúa |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pablo Arias Echeverría, Sunčana Glavak, Niclas Herbst, Leszek Miller, Iuliu Winkler |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 17 | + |
|---|---|
| PPE | Pablo Arias Echeverría, Salvatore De Meo, Sunčana Glavak, Niclas Herbst, Brice Hortefeux, Paulo Rangel, Iuliu Winkler |
| RENEW | Pascal Durand, Charles Goerens, Sandro Gozi, Maite Pagazaurtundúa |
| S&D | Gabriele Bischoff, Cyrus Engerer, Leszek Miller, Victor Negrescu, Giuliano Pisapia, Domènec Ruiz Devesa |

| 4 | - |
|---|---|
| ECR | Jacek Saryusz Wolski |
| ID | Gerolf Annemans, Laura Huhtasaari |
| THE LEFT | Helmut Scholz |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ID | Antonio Maria Rinaldi |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh: